

Eolas do Thuismitheoirí/ Caomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga atá faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta (GLD)

(san áireamh anseo tá míchumas foghlama ginearálta idir éadrom agus gar dó, meánach agus trom/doimhin)

Sa bhileog seo tá sé i gceist eolas a thabhairt do thuismitheoirí is do chaomhnóirí maidir le tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí is do dhaoine óga atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta agus dá muintir.



Cad is brí le Míchumas Foghlama Ginearálta?

Bíonn míchumas foghlama ginearálta ann atá gar don mhíchumas éadrom. Ansin arís bíonn míchumas éadrom, meánach nó trom/domhain. Leanaí a bhíonn faoi mhíchumas foghlama ginearálta, bíonn sé dian orthu rudaí a dhéanann leanaí eile ar comhaois leo a fhoghlaim, a thuiscint agus a dhéanamh. Féadfar leanúint den bhfoghlaim agus dul chun cinn ar feadh a saoil ach go dtéitear ar aghaidh níos moille ná leanaí eile. Bíonn difríocht an-mhór maidir le riachtanais an leanbh atá faoi mhíchumas éadrom foghlama ginearálta, nó gar dó, agus an leanbh atá faoi mhíchumas meánach nó míchumas trom/domhain.

Go bunúsach is leanaí iad an dream áirithe seo atá ar mhórán slite díreach ar nós leanaí eile ar comhaois leo. Ní mar a chéile neart, pearsantacht ná taithí gach aon linbh agus dá bhrí sin ní hé an tionchar céanna a bhíonn ag míchumas foghlama ginearálta orthu go léir.

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil an leanbh faoi mhíchumas foghlama ginearálta?

Duine proifisiúnta is ea síceolaí a dhéanann measúnú ar chumas foghlama an linbh. Chun é sin a dhéanamh, cuirtear dálaí airithe san áireamh. Orthusan bíonn aois an linbh agus cumas:

- teanga a úsáid agus a thuiscint
- déileáil le bearta coitianta ar scoil agus sa bhaile
- cairde a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí eile
- cruthú maidir le trialacha meabhair chinn, léitheoireachta agus uimhearthachta.

Bíonn leanaí atá faoi mhíchumas éadrom foghlama ginearálta níos moille ná leanaí eile maidir le teacht in inmhe agus le scileanna áirithe a fhorbairt. B'fhéidir go mbíonn deacrachtaí acu maidir le hurlabhra agus le teanga, le coincheapa a fhorbairt agus níos déanaí le léamh, scríobh, uimhearthacht agus tuiscint. B'fhéidir go mbeadh sé dian orthu teacht isteach ar shaol na scoile agus go n-aithneofaí iompar mí-oiriúnach

nó anabáí. Uaireanta is é an múinteoir ranga a thabharfadh a leithéid faoi deara ar dtús.

Bíonn leanaí atá faoi mhíchumas meánach foghlama ginearálta mall go leor maidir le marcanna áirithe forbartha a bhaint amach, mar shampla siúl, labhairt, léamh, scríobh agus mar sin de.

Caithefear an curaclam scoile a mhaolú in oiriúint dóibh siúd.

Beidh moill suntasach ar leanaí atá faoi mhíchumas trom/doimhin foghlama ginearálta maidir le marcanna forbartha. Bíonn teorainn le feasacht agus le tuiscint orthu féin agus ar an ndomhan thart orthu de dheasca an leibhéil mhíchumais. D'fhéadfadh a leithéid de leanaí a bheith ag brath ar dhaoine eile ar feadh a saoil mar bheadh gá le cúnamh gluaiseachta, caidrimh, bia agus leithris.

Míchumais Bhreise

Is minic cineálacha míchumais nó tinnis eile (míchumais iolracha) freisin mar neamhord speictream an uathachais, galar leighis, míchumas fisiceach agus/nó ceadfaíoch agus deacrachtaí mothúchán/iompair ar leanaí a bhíonn faoi mhíchumas foghlama ginearálta.

Siondróim Mheasta

Uaireanta bíonn leanaí ag a bhfuil siondróm measta faoi mhíchumas foghlama ginearálta chomh maith.

Ar na siondróim a mbíonn baint acu le míchumas foghlama tá: siondróm Down, siondróm an X-chrómasóim leochailigh, siondróm Prader-Willi, siondróm Rett, siondróm Turner agus siondróm Williams.

An Luath-Óige

Féadfaidh dochtúir teaghlaigh, banaltra sláinte poiblí nó tuismitheoirí, leanbh a sheoladh chuig lucht luath-idirghabhála FSS nó chuig seirbhísí teiripe i measc an phobail. Ina leithéid de chás, is cuid den tseirbhís í measúnú a dhéanamh ar riachtanais an linbh.

Measúnú Riachtanais

Faoin Acht Míchumais féadfaidh tuismitheoirí aon leanbh a rugadh tar éis 1 Meitheamh 2002 Measúnú Riachtanais a lorg ó FSS más dóigh leo go bhfuil an leanbh faoi mhíchumas. An measúnú déanta, gheobhaidh siad Tuairisc Mheasúnaithe a mhíneoidh riachtanais an linbh agus na seirbhísí cuí chun freastal orthu. Tá breis eolais faoin Measúnú Riachtanais ar fáil ar an suíomh idirlín FSS: www.hse.ie.

Tacaíocht a fháil

Má tá tú féin buartha faoi fhorbairt an linbh ba chóir cúnaimh a lorg láithreach bonn – ón mbanaltra sláinte phoiblí nó ón gceannaire naíonra. Tá sé ríthábhachtach cabhrú le leanaí atá faoi mhíchumas foghlama chomh luath agus is féidir ionas go rachaidh siad chun cinn.

Sa lá atá inniu ann is minic eolas á lorg ar an idirlíon. Ní mór a mheabhrú, áfach, gur minic áibhéil ansiúd agus eolas a bhíonn míchruinn nó a chuirfeadh an duine amú. Maidir le sláinte agus le hoideachas an linbh, ba chóir dul chuig na foinsí cuí proifisiúnta.

Má tá an leanbh ar scoil b'fhéidir go mba mhaith leat labhairt leis an múinteoir faoi nó leis an bpríomhoide.

D'fhéadfadh an scoil tacú leat agus/nó tú a chur ar do shuaimhneas faoi fhoghlaim do linbh. Más gá, ullmhóidh an múinteoir/scoil plean in éineacht leat chun cabhrú leis an bhfoghlaim is leis an bhforbairt a fheabhsú.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Oibríonn síceolaithe NEPS le tuismitheoirí, múinteoirí agus leanaí chun mianach an linbh a fhorbairt go hiomlán. I gcásanna áirithe aontóidh múinteoirí agus tuismitheoirí ar thacaíocht a lorg ón NEPS má chuireann deacrachtaí an linbh isteach ar chumas foghlama agus ar chúrsaí sóisialta.

Tá bileog eolais do thuismitheoirí faoin tseirbhís NEPS ar fáil ar an suíomh idirlín atá ag: www.education.ie.

Oideachas an Linbh

Réamhscolaíocht

Maoiníonn an Stát (Scéim ECCE) réamhscolaíocht saor in aisce do gach leanbh incháilithe sa bhliain réamhscolaíochta tríd an gClár Cúram agus Oideachas Luath-Óige. Tá breis eolais ar fáil ag www.dcy.gov.ie. Má bhíonn breis riachtanas ag leanaí atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta b'fhéidir go mbeidh siad i dteideal freastal ar naíolann nó ar láthair réamhscolaíochta a fhaigheann maoiniú ó FSS.

Dul ar Scoil

An Roinn Oideachais agus Scileanna: Polasaí

I bpolasaí na Roinne díritear ar a chinntiú gur féidir le gach leanbh, iad siúd atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta san áireamh, teacht ar oideachas a bheidh oiriúnach dá gcuid riachtanas agus buanna féin. Tá sé mar pholasaí againn freastal orthu siúd ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta, míchumas foghlama ginearálta san áireamh, laistigh de ghnáthscoileanna i dteannta cách ach amháin más léir nach rachadh a leithéid de shocrú chun leas an linbh nó chun leas na leanaí a bheadh ar scoil ina theannta. Do leanaí ag a bhfuil riachtanais eile atá níos casta, tá tacaíocht ar fáil i rang speisialta sa ghnáthscoil. Bíonn rogha ag na leanaí seo, más cuí, bheith in éineacht le daltaí eile agus ag plé leo go páirtaimseartha nó go lánaimseartha. Uaireanta bíonn riachtanais leanaí chomh casta san gur fearrde iad a bheith ag freastal ar scoil speisialta.

Bunscoil agus Iarbhunscoil

Téann formhór na leanaí atá faoi mhíchumas eadrom agus an-chuid atá faoi mhíchumas meánach foghlama ginearálta chuig bunscoil agus meánscoil i dteannta cách, ach tacaíocht a bheith acu. Ar an mórgóir téann éinne atá faoi mhíchumas trom/doimhin chuig scoil nó rang speisialta. Tá na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta mar a leanas:

- Tacaíonn an múinteoir ranga le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus féadfar ceachtanna nó saothar a oiriúnú don dalta más gá.
- Tugann múinteoir acmhainne nó tacaíocht foghlama breis ceachtanna más gá.

- I gcás daltaí a mbíonn cúram suntasach ag teastáil uathu mar gheall ar mhíchumas measta foghlama ginearálta, féadfaidh cúntóir um riachtanais speisialta (SNA) tacú leo. Bíonn an SNA freagrach as an gcúram agus an múinteoir freagrach as an dteagasc. Tá míniú ar na cúinsí um dháileadh SNA maidir le daltaí EBD i gCiorclán 0030/2014, atá ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS www.education.ie.
- Bíonn leanaí áirithe i dteideal tacaíochtaí breise mar theicneolaíocht chúnta (féach Ciorclán ROS 0010/2013) agus socruithe speisialta iompair scoile. Tá an t-eolas cuí ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS ag www.education.ie.
- Daltaí a mbíonn dálaí ar bhonn buan nó fadtéarmach acu, a chuirfeadh isteach go mór dar leo ar a gcuid oibre sna scrúdaithe, féadfaidh siad iarratas a sheoladh ar áiseanna don scrúdú i bhfoirm Socruithe Réasúnta i Scrúduithe Teastais (RACE). Féach suíomh idirlín Coimisiúin na Scrúduithe Stáit ag www.examinations.ie.

Téann líon beag daltaí, ag a bhfuil riachtanais chasta maidir le GLD, chuig scoil nó rang speisialta. Ina leithéid de chás is ranganna beaga a bhíonn ann.

Cuirfidh an SENO comhairle ort faoi scoileanna nó ranganna speisialta sa cheantar.

Eagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO)

Cuireann SENO seirbhís ar fáil go díreach do thuismitheoirí leanaí/daoine óga ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus do scoileanna. Ceadáíonn na SENO teagasc breise agus tacaíochtaí SNA sna scoileanna, de réir gá, chun tacú le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta. Lena chois sin bíonn na SENO ag tacú le thuismitheoirí/caomhnóirí agus cuireann siad comhairle orthu.

Féadfaidh an SENO cabhrú leat mar a leanas:

- Tugtar tacaíocht agus comhairle.
- Aithnítear socrúchán oiriúnach scoile don leanbh.
- Déantar teagmháil leis an scoil, le FSS agus le seirbhísí eile.
- Tugtar cúnamh maidir le trasnú an linbh chun scoile, idir scoileanna agus ar aghaidh arís nuair atá an leanbh réidh le scolaíocht.

Eolas breise

Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí breis eolais i bhfoilseacháin NCSE:

- ***Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí***
- ***Roghnú Scoile: Treoir do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu***
- ***Eolas ar Oideachas agus Oiliúint Iar-Scoile maidir le Roghanna do Dhaoine Fásta agus Fágálaigh Scoile faoi Mhíchumas***

Iad san go léir ag www.ncse.ie.

Liosta Teagmhála

Is féidir teacht ar an **SENO** áitiúil tríd an scoil nó ag www.ncse.ie.

An Roinn Oideachais agus Scileanna: www.education.ie.

An tIonad Sláinte Áitiúil: www.hse.ie.

D'fhéadfá a bheith i dteideal tacaíochtaí eile agus gheofar an t-eolas cuí ar shuíomh idirlín **Faisnéis do Shaoránaigh** ag: www.citizensinformation.ie nó ó na Ranna Stáit cuí.

Suíomhanna idirlín agus eagraíochtaí tacaíochta eile:

Acquired Brain Injury: www.abiireland.ie.

Down Syndrome Ireland: www.downsyndrome.ie.

Inclusion Ireland: www.inclusionireland.ie.

National Federation of Voluntary Bodies: www.fedvol.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (bunscoil): www.npc.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (iarbhunscoil): www.npcpp.ie.

Cumann Síceolaithe Éireann: www.psihq.ie.

Special Needs Parents Association:
www.specialneedsparents.ie.

Tabhair faoi deara le d'hoil gur ar son an eolais atá an liosta seo agus nach liosta iomlán é. Tá gach seans nach raibh aon bhaint ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leis na heagraíochtaí agus nach féidir leo dul i mbannaí orthu ná ar a gcuid foirne. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith lánchinnte i gcónaí maidir le hoiriúnacht eolas ar bith faoin leanbh a thabhairt d'aon trú páirtí.



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí.

Teil: 046 948 6400

Líon: www.ncse.ie

R-phost: info@ncse.ie